



An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

Torthaí ón gComhairliúchán Poiblí maidir le Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí a Fhorbairt

Deireadh Fómhair 2026

Clár Ábhair

Réamhrá:	3
An Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí:	3
Modheolaíocht agus Anailís:	3
Torthaí an tSuirbhé:	4
Cuid 1: Próifíl na bhFreagróirí	4
Cuid 2: Taithí faoi Láthair ar Chóiríocht do Thurasóirí	5
Cuid 3: An Tairiscint i Láthair na hUaire	6
Cuid 4: Acmhainn Chóiríochta agus Éileamh Amach Anseo	9
Cuid 5: Rialáil	10
Cuid 6: Bailiú Sonraí	11
Cuid 7: Inacmhainneacht agus Infhaighteacht	15
Cuid 8: Inrochtaineacht	17
Cuid 9: Caighdeán Chomhshaoil agus Inbhuanaitheacht	20
Cuid 10: Cóiríocht ar Cíos go Gearrthéarmach	21
Cuid 11: Cothromaíocht Réigiúnach agus Turasóireacht Tuaithe	23
Cuid 12: Tuairimí Breise agus Anailís Théamach	24
Cuid 13: Aighneachtaí Scríofa	28
Na Chéad Chéimeanna Eile:	30

Réamhrá:

De réir na ngealltanais a bhfuil cur síos déanta orthu in *Ré Nua do Thurasóireacht in Éirinn*, tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, ag díriú ar Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí a fhorbairt. Is é aidhm na Straitéise a chinntiú go bhfuil meascán de chóiríocht do thurasóirí in Éirinn atá éagsúil agus dírithe ar an todhchaí, a thacaíonn le forbairt fhadtéarmach na hearnála, agus a leanann ar aghaidh le heispéireas iomaíoch, ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thurasóirí.

Nuair a bheidh an Straitéis críochnaithe, soláthróidh sí creat d'fhorbairt inbhuanaithe na chóiríochta do thurasóirí ar fud na hÉireann agus cabhróidh sí lena chinntiú go bhfuil ar chumas na hearnála freagairt do riachtanais athraitheacha cuairteoirí.

Mar chuid d'fhorbairt na Straitéise, thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí chun tuairimí a bhailiú ó bhaill den phobal, páirtithe leasmhara tionscail agus páirtithe leasmhara eile.

Cuirfidh léargas a bailíodh i rith an chomhairliúcháin le forbairt na Straitéise, agus cinnteofar go mbeidh léargas le fáil ar thuairimí páirtithe leasmhara agus go ndíreofar ar riachtanais chóiríochta a bheidh ar fud na hearnála turasóireachta amach anseo.

Is é an aidhm atá leis an doiciméad seo achoimre a thabhairt ar na torthaí ó na freagraí a fuarthas a chur i láthair.

An Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí:

Rinneadh an comhairliúchán trí shuirbhé ar líne ar Ardán Suirbhé an AE. Is éard a bhí sa suirbhé ná meascán de cheisteanna iata agus oscailte a chlúdaigh raon príomhthéamaí lena n-áirítear acmhainn chóiríochta, cothromaíocht réigiúnach, rialú, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht, cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach agus éileamh amach anseo.

Bhí an comhairliúchán oscailte i gcomhair cúig seachtaine, idir an 27 Aibreán agus an 29 Bealtaine 2026. Bhí cead ag baill den phobal, páirtithe leasmhara tionscail agus páirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh sa suirbhé. Ar an iomlán, fuarthas 299 freagra i rith na tréimhse comhairliúcháin.

In éineacht le freagraí an tsuirbhé, fuarthas líon beag aighneachtaí níos ginearálta agus tá achoimre le fáil i gCuid 13.

Modheolaíocht agus Anailís:

Braitheann na rátaí freagartha ar an gceist, de bhrí nach bhféadfadh freagróirí ceisteanna neamhábhartha a fhágáil folamh. Dá bhrí sin, is ar fhreagraí bailí amháin atá céatadán bunaithe.

Rinneadh anailís ar fhreagraí cainníochtúla trí úsáid a bhaint as modhanna staitistiúla tuairisciúla, agus cuireadh torthaí ar fáil mar mhinicíochtaí agus céatadán. De bhrí go

bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, ní gá go mbeadh na céatadáin cothrom le 100%.

Rinneadh anailís ar na freagraí cáilíochtúla curtha ar fáil trí cheisteanna oscailte trí úsáid a bhaint as anailís théamach. Rinneadh athbhreithniú, códú agus grúpáil ar na freagraí de réir téamaí athfhillteacha ionas go bhféadfaí na príomhcheisteanna, ábhair imní agus moltaí a roinn na freagróirí a aithint. De bhrí go bhféadfadh freagraí aonair tagairt do roinnt téamaí, d'fhéadfadh aighneacht aonair a bheith sannta do níos mó ná catagóir théamach amháin.

Tá léargas le fáil san ábhar a cuireadh i láthair sa tuarascáil tionlacain ar thuairimí na ndaoine a roghnaigh páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus níor cheart glacadh leis mar léargas staitistiúil ar an bpobal trí chéile. Níl anailís á déanamh ag an Roinn orthu ach oiread. Mar sin féin, tá léargas luachmhar le fáil iontu ar thuairimí páirtithe leasmhara agus an phobail maidir le forbairt earnáil cóiríochta do thurasóirí na hÉireann.

Torthaí an tSuirbhé:

Cuid 1: Próifíl na bhFreagróirí

Tá fianaise le fáil i bpróifíl na bhfreagróirí ar rannpháirtíocht láidir i measc soláthraithe cóiríochta do thurasóirí, ó oibritheoirí cóiríochta ar cíós go gearrthéarmach go háirithe. Chomh maith leis sin, bailíodh eolas i rith an chomhairliúcháin faoi thuairimí baill den phobal, gnóthaí turasóireachta, comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí pobail agus páirtithe leasmhara eile san earnáil turasóireachta.

Fuarthas freagraí ó rannpháirtithe ó raon leathan suíomhanna geografacha lena n-áirítear pobail tuaithe, uirbeacha agus chósta, rud a sholáthair tuairimí éagsúla maidir leis na deiseanna agus dúshlán a bheidh os comhair earnáil cóiríochta do thurasóirí na hÉireann.

1.1 An Cineál Freagróra

Bhí próifíl an fhreagróra bunaithe ar úinéirí cóiríochta do thurasóirí den chuid is mó, agus rinneadh ionadaíocht mhaith freisin ar bhaill den phobal agus orthu siúd atá ag obair san earnáil turasóireachta. Bhí na grúpaí páirtithe leasmhara eile ar fad freagrach as níos lú ná 6% de na freagraí, rud a thug le fios gurb iad tuairimí soláthraithe cóiríochta agus daoine aonair a bhfuil leas díreach acu san earnáil turasóireachta a taifeadadh sa chomhairliúchán.

1.2 An Cineál Cóiríochta do Thurasóirí faoi Úinéireacht

Páirteach sa ghrúpa freagróirí ar úinéirí cóiríochta iad bhí oibritheoirí cóiríochta ar cíós go gearrthéarmach den chuid is mó, fianaise go bhfuil na torthaí bunaithe go mór ar

thuairimí daoine atá páirteach san earnáil seo. Ba iad óstáin an chéad chatagóir chóiríochta eile is mó, agus ní dhearnadh an ionadaíocht chéanna ar thithe Leaba agus Bricfeasta, soláthraithe cóiríochta amuigh faoin aer agus tithe aíochta. Bhí brúnna ag líon beag freagróirí, agus bhain freagraí *‘Eile’* le samhlacha cóiríochta malartacha, lena n-áirítear tairiscintí cóiríochta hibrídeacha, só-chóiríocht sráidbhaile agus gnóthaí cóiríochta a bhí nasctha le soláthraithe gníomhaíochtaí turasóireachta.

1.3 Próifíl Gheografach na bhFreagróirí

Mheall an comhairliúchán rannpháirtithe as ar fud na hÉireann, agus ní raibh cónaí ach ar líon beag taobh amuigh den tír. Fuarthas freagraí ó gach réigiún, fianaise ar chlúdach geografach leathan. Chomh maith leis sin, rinne rannpháirtithe ionadaíocht ar raon leathan cineálacha lonnaíochta, lena n-áirítear ceantair thuaithe, bailte, cathracha, agus pobail chósta nó oileáin, fianaise go bhfuil léargas le fáil sna torthaí ar raon leathan suíomhanna geografacha.

1.4 Úsáid as Cóiríocht Inrochtana

Chun comhthéacs a chur ar fáil do na freagraí i gCuid 8, fiafraíodh de fhreagróirí ar úsáid siad féin, nó aon duine a mbíonn siad ag taisteal leo go rialta, cóiríocht inrochtana do thurasóirí. Ainneoin gur thug formhór na bhfreagróirí le fios nár úsáid siad féin, nó aon duine a mbíonn siad ag taisteal leo go rialta, cóiríocht inrochtana do thurasóirí, thug breis is aon cheathrú de na freagróirí le fios gur úsáid siad cóiríocht inrochtana anois is arís nó go rialta.

Cuid 2: Taithí faoi Láthair ar Chóiríocht do Thurasóirí

Tarraingíodh aird sna freagraí ar an bpointe go dtéann tacaíocht láidir d’fhorbairt turasóireachta chun tairbhe pobal áitiúil agus go dtacaíonn sí le scaipeadh níos cothromaithe de ghníomhaíocht cuairteoirí ar fud na réigiúin. Bhí freagróirí den tuairim gur bhain tábhacht le cáilíocht, infhaighteacht, inacmhainneacht agus raon na cóiríochta do thurasóirí i ndáil le torthaí turasóireachta dearfacha, agus ag an am céanna, tarraingíodh aird ar ábhair imní a bhain le tionchair ar an soláthar tithíochta. Tríd is tríd, tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tús áite á thabhairt do chur chuige cothromaithe maidir le fás turasóireachta a thacaíonn le riachtanais cuairteoirí, pobail áitiúla agus cuspóirí inbhuanaitheachta ginearálta.

2.1 Rangaigh do thosaíochtaí don Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí de réir do rogha:

Rangaigh freagróirí sé thosaíocht don Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí. Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil freagróirí den tuairim go mbaineann tábhacht ar leith lena chinntiú go gcruthaíonn forbairt turasóireachta buntáistí do phobail áitiúla agus go dtacaíonn sí le dáileadh réigiúnach cothrom na gníomhaíochta turasóireachta. Ainneoin go mbaineann tábhacht fós le hacmhainn chóiríochta, cáilíocht, rialachas agus inbhuanaitheacht, go

ginearálta, bhí siad rangaithe níos ísle ná cuspóirí pobalbhunaithe agus cothromaithe go réigiúnach.

2.2 I ndáil le gach ceann de na fachtóirí cóiríochta seo a leanas, cuir eolas ar fáil maidir leis an tionchar atá ag a leithéid, dearfach, diúltach nó gan tionchar, ar thorthaí turasóireachta i do cheantar:

Go ginearálta, bhí freagróirí den tuairim go raibh cáilíocht, infhaighteacht, inacmhainneacht agus éagsúlacht na cóiríochta do thurasóirí, ag cur ar bhealach dearfach le torthaí turasóireachta ina gceantar féin. Glacadh le cáilíocht agus caighdeán na cóiríochta, infhaighteacht chóiríochta inrochtana agus an raon cineálacha cóiríochta mar fhachtóirí dearfacha a raibh tábhacht ar leith ag baint leo.

Bhí tuairimí níos measctha ag daoine faoi shéasúracht agus tionchar comhshaoil na cóiríochta do thurasóirí, agus bhí tuairimí éagsúla ag freagróirí maidir leis na héifeachtaí a bhí acu seo. Príomhábhar imní ba ea an tionchar atá ag cóiríocht do thurasóirí ar thithíocht, agus bhí níos mó freagróirí den tuairim gur éifeacht dhiúltach seachas éifeacht dhearfach a bhí aici seo.

Tríd is tríd, tugtar le fios sna torthaí go bhfuil daoine ag tacú go láidir le ról na cóiríochta do thurasóirí chomh fada is a bhaineann le torthaí turasóireachta a fheabhsú, agus tarraingítear aird ar an ngá atá le dul i ngleic le dúshlán tithíochta agus le breithniúcháin inbhuanaitheachta níos ginearálta.

Cuid 3: An Tairiscint i Láthair na hUaire

In éineacht lena chéile, tugtar léargas sna torthaí ar an ngá atá le timpeallacht chóiríochta níos ginearálta agus níos solúbtha atá in ann tacú le fás turasóireachta réigiúnach, atá in ann déileáil le riachtanais athraitheacha cuairteoirí agus atá in ann an tairiscint turasóireachta a threisiú.

Léirítear tacaíocht láidir sna freagraí do thairiscint chóiríochta níos éagsúla agus níos scaipthe go geografach, agus leagtar béim ar leith ar chóiríocht amuigh faoin aer, roghanna féinfhreastail agus forbairt chóiríochta i gceantair thuaithe, bailte beaga agus cinn scríbe turasóireachta nua. Chomh maith leis sin, tharraing freagróirí aird ar dhúshlán a bhain le riachtanais catagóirí margaí áirithe a chomhlíonadh agus tarraingíodh aird ar dheiseanna nuálaíochta trí fhormáidí cóiríochta malartacha, samhlacha pobalbhunaithe agus cóiríocht turasóireachta dúlrabhunaithe.

3.1 Ag féachaint chun cinn, céard iad na cineálacha cóiríochta do thurasóirí a bhfuil níos mó díobh ag teastáil in Éirinn dar leat?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil freagróirí den tuairim go mbaineann an riachtanais fáis is mó le cóiríocht amuigh faoin aer, cóiríocht féinfhreastail agus cóiríocht seirbhísithe,

agus tarraingítear aird ar éileamh ar mheascán éagsúil roghanna cóiríochta seachas béim ar leith a bheith á leagan ar fhorbairt óstán.

Tarraingíodh aird i bhfreagraí ‘Eile’ ar thacaíocht do raon níos ginearálta formáidí cóiríochta agus cineálacha cóiríochta nideoige. Thagair freagróirí do roghanna cóiríochta cosúil le glampáil, ionaid champála, saoráidí veaineanna campála, tithe buncanna, cóiríocht chapsúil, árasáin bheaga agus teachíní, mar aon le hathúsáid foirgneamh oidhreacht agus feirme le haghaidh cuspóirí turasóireachta. Chomh maith leis sin, tharraing roinnt freagróirí aird ar ról na cóiríochta ar cíós go gearrthéarmach, na comhroinnte tí agus na cóiríochta seomra ar cíós i ndáil le hacmhainn bhreise agus roghanna cóiríochta a chur ar fáil do theaghlaigh agus grúpaí. Leagadh béim i roinnt freagraí ar an ngá a bhí le breis tacaíochta agus comhsheasmhachta i gcreataí pleanála agus beartais do chóiríocht amuigh faoin aer. Thug líon beag freagróirí le fios freisin gur cúis imní dóibh an úsáid a bhí á baint as cóiríocht turasóireachta do chríocha neamhthurasóireachta agus na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar acmhainn turasóireachta.

3.2 Dar leat, cá bhfuil an chóiríocht bhreise do thurasóirí ag teastáil go géar?

Bhí freagróirí den tuairim go raibh an riachtanas is mó le haghaidh cóiríocht bhreise do thurasóirí taobh amuigh de na príomhionaid uirbeacha, go háirithe i gceantair thuaithe, bailte beaga agus cinn scríbe do thurasóirí atá ag teacht chun cinn. Is fianaise é an méid sin ar thacaíocht d’fhorbairt turasóireachta réigiúnach agus do dháileadh geografach níos cothroime na gníomhaíochta do thurasóirí.

Go ginearálta, threisigh freagraí ‘Eile’ an tábhacht a bhain le forbairt na cóiríochta réigiúnaí agus tuaithe, tarraingíodh aird ar an ngá a bhí le cóiríocht bhreise i suíomhanna cósta, bailte réigiúnacha agus ceantair a bhaineann le bonneagar turasóireachta cosúil le glasbhealaí. Rinneadh tagairtí don ghá a bhí le breis cóiríochta amuigh faoin aer a chur ar fáil, lena n-áirítear glampáil agus cóiríocht i lóistí, mar aon le ceisteanna pleanála agus rialála a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt chóiríochta.

3.3 Conas atá ag éirí le cóiríocht do thurasóirí i do cheantar freastal ar riachtanais taistealaithe gnó agus cuairteoirí atá ag freastal ar imeachtaí gnó (e.g. iad siúd atá ag freastal ar chruinnithe, comhdhálacha nó imeachtaí corparáideacha, smaoinigh ar rudaí cosúil le hullmhacht dhigiteach, spás oibre atá ar fáil agus saoráidí do chruinnithe)?

Tugtar le fios sna freagraí go bhfuil freagróirí den tuairim, go ginearálta, go soláthraíonn cóiríocht do thurasóirí leibhéal measartha tacaíochta do chuairteoirí gnó agus do chuairteoirí atá ag freastal ar imeachtaí gnó. Ainneoin gur mheas céatadán suntasach go raibh an soláthar reatha oiriúnach don mhargadh seo, d’aithin céatadán cosúil teorainneacha, rud a léirigh an scóip atá ann chun feabhsuithe a dhéanamh i réimsí cosúil le bonneagar digiteach, spás oibre a chur ar fáil agus saoráidí cruinnithe.

3.4 Cé chomh maith is atá ag éirí leis an gcóiríocht do thurasóirí i do cheantar freastal ar riachtanais oibrithe oibriúcháin, cosúil le tiománaithe tarlaithe, tiománaithe trucaílí, conraitheoirí, teicneoirí nó oibreoirí eile a bhíonn ag taisteal mar chuid d'oibríochtaí gnó riachtanacha, ag smaoineamh ar fhachtóirí cosúil le páirceáil, inacmhainneacht, suíomh agus saoráidí oiriúnacha le haghaidh tréimhsí fanachta uaireanta neamhrialta?

Tá fianaise le fáil sna freagraí a thugann le fios gur dócha le freagróirí go bhfuil dúshlán shuntasacha le sárú chun freastal ar riachtanais chóiríochta oibrithe oibriúcháin. Seans gur léargas é an céatadán réasúnta ard de fhreagraí diúltacha ar cheisteanna a bhaineann le hinacmhainneacht, soláthar áiteanna páirceála, suíomh agus saoráidí atá oiriúnach do phatrúin oibre mhírialta.

3.5 An bhfuil aon samhail chóiríochta nuálach nó atá ag teacht chun cinn ba cheart a chur san áireamh mar chuid den phleanáil a dhéanfar amach anseo?

Tarraingíodh aird i bhfreagraí saorthéacs ar thacaíocht do raon níos éagsúla roghanna cóiríochta mar chuid de phleanáil turasóireachta amach anseo. Rinneadh anailís ar fhreagraí trí úsáid a bhaint as anailís théamach agus códaíodh iad i sraith catagóirí téamacha. D'fhéadfaí freagraí aonair a shannadh do roinnt téamaí sa chás gur tagraíodh do níos mó ná topaic amháin iontu; dá bhrí sin, is ionann minicíochtaí agus líon na dtagairtí do théama seachas líon na bhfreagróirí.

Ba iad na téamaí ba choitianta ná '*Cóiríocht Amuigh faoin Aer agus Dúlrbhunaithe*', lena n-áirítear campáil, glampáil, láithreáin carbhán agus tairiscintí éiceathurasóireachta, agus '*Samhlacha Cóiríochta Malartacha agus Nuálacha*', cosúil le faighneoga, aonaid mhodúlacha agus cóiríocht búitíc.

Chomh maith leis sin, tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le '*Cóiríocht Féinfhrestail agus Ar Cíos go Gearrthéarmach*' agus '*Samhlacha Pobail, Tuaithe agus Áitbhunaithe*', go háirithe chun tacú le pobail tuaithe, turasóireacht oidhreacht agus forbairt turasóireachta áitiúil. I measc na dtéamaí eile bhí '*Pleanáil, Rialú agus Bonneagar Tacaíochta*', '*Acmhainn Chóiríochta agus Stoc Reatha*' agus '*Cóiríocht Lucht Saothair agus Fhadtéarmach*'.

Sna freagraí léirítear tacaíocht láidir do thairiscint chóiríochta níos éagsúla sa bhreis ar an soláthar óstáin traidisiúnta, agus ina gcuimsítear samhlacha cóiríochta amuigh faoin aer, féinfhrestail, pobalbhunaithe agus nuálacha. Measadh go raibh na roghanna seo ag tacú le fás turasóireachta tuaithe, ag freagairt do riachtanais athraitheacha cuairteoirí agus ag treisiú nasc le pobail áitiúla agus le sócmhainní nádúrtha. Chomh maith leis sin, leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhain le pleanáil, bonneagar, praghsáil agus úsáid éifeachtach a bhaint as an stoc cóiríochta atá ar fáil cheana.

Cuid 4: Acmhainn Chóiríochta agus Éileamh Amach Anseo

Tarraingítear aird sna freagraí ar inní maidir le sásúlacht na hacmhainne cóiríochta do thurasóirí i láthair na huaire agus ar an tacaíocht láidir atá ann chun an soláthar cóiríochta a mhéadú. Bhí freagróirí i bhfabhar forbairt chóiríochta nua, breis soláthair i gceantair réigiúnacha agus tuaithe, agus bearta chun tacú le héileamh i gcaitheamh na bliana. Tarraingítear aird sna freagraí freisin ar an tábhacht a bhaineann le fás cóiríochta a chothromú le breithniúcháin phleanála, chomhshaoil, tithíochta agus phobail. I measc na bpríomhbhacainní ar fhás acmhainne amach anseo ar tagraíodh dóibh bhí costais forbartha agus tógála, amlínte phleanála, srianta bonneagair agus ceanglais rialála.

4.1 Conas a rátálfá infhaighteacht chóiríochta do thurasóirí i do cheantar i láthair na huaire?

Tá tuairimí measctha maidir le hinfaighteacht chóiríochta do thurasóirí le fáil sna freagraí. Ainneoin gur mheas go leor freagróirí go raibh an infhaighteacht i láthair na huaire *‘Inghlactha’* nó *‘Sásúil’*, bhí céatadán suntasach den tuairim go raibh sé *‘Míshásúil’*. Níor chreid ach líon réasúnta beag freagróirí go raibh infhaighteacht chóiríochta *‘An-sásúil’*.

4.2 As seo go ceann 5 bliana, conas a athróidh éileamh ar chóiríocht do thurasóirí i do cheantar dar leat?

Go ginearálta, bhí freagróirí ag súil go mbeadh éileamh ar chóiríocht do thurasóirí ina gceantar féin ag méadú nó ag fanacht cobhsaí as seo go ceann cúig bliana.

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil freagróirí réasúnta dóchasach faoin éileamh a bheidh ar chóiríocht do thurasóirí amach anseo, agus tá a bhformhór ag súil le fás nó éileamh cobhsaí as seo go ceann cúig bliana.

4.3 Nuair a bheidh an straitéis seo á forbairt, b’fhéidir nach mbeadh sé indéanta na cuspóirí ar fad a uasmhéadú ag an am céanna. Fiafraíodh de fhreagróirí a rogha tosaíochtaí a aithint as tacar cuspóirí iomaíocha a bhain le cóiríocht do thurasóirí.

Thug freagróirí le fios go raibh siad ag tacú go láidir le forbairt chóiríochta do thurasóirí a bhí inbhuanaithe agus cothrom go réigiúnach a thacaíonn le héileamh i gcaitheamh na bliana, a spreagann soláthar i gceantair réigiúnacha agus tuaithe, agus a thacaíonn le forbairt chóiríochta nua. Bhí na tuairimí faoi cheisteanna a bhain le coimircí phleanála agus comhshaoil, folláine pobail, infhaighteacht tithíochta agus ról na cóiríochta ar cíós go gearrthéarmach níos measctha.

4.4 Céard iad na fachtóirí a bhfuil an tionchar is mó acu ar fhorbairt na cóiríochta do thurasóirí i do cheantar?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil freagróirí den tuairim go bhfuil forbairt na cóiríochta do thurasóirí srianta den chuid is mó ag an gcostas forbartha, próisis phleanála agus

infhaighteacht bhonneagair, agus go bhfuil ról suntasach ag fachtóirí rialála agus ag fachtóirí a bhaineann leis an margadh freisin.

Tarraingíodh aird sna freagraí ‘Eile’ ar shrianta pleanála agus rialála, infhaighteacht talún agus láithreáin, infhaighteacht tithíochta do bhaill foirne, agus soláthar bonneagair agus seirbhíse mar fhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt chóiríochta. Thug roinnt freagróirí le fios freisin gur cúis imní í úsáid na cóiríochta do thurasóirí do chríocha neamhthurasóireachta. Thagair líon níos lú freagróirí do thionchair phobail, forbairt na turasóireachta tuaithe agus inmharthanacht gnóthaí cóiríochta i gceantair a bhfuil tionchar ag séasúracht agus éileamh teoranta cuairteoirí orthu.

Cuid 5: Rialáil

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tuairimí measctha ag freagróirí maidir le héifeachtacht an chreata rialála reatha do chóiríocht do thurasóirí in Éirinn, agus bhí tuairim dhiúltach maidir lena éifeachtacht ag beagán níos mó freagróirí. Chomh fada is a bhain leis na torthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla, tháinig teachtaireacht chomhsheasmhach chun cinn maidir leis an ngá a bhí le feabhsuithe ar rialú agus ar chlárú na cóiríochta do thurasóirí, go háirithe i ndáil le cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach (CCG). D’aithin freagróirí rialachas agus maoirseacht, forfheidhmiú agus comhlíonadh, agus caighdeán cháilíochta mar phríomhréimsí a raibh tuilleadh airde le tabhairt orthu. Tarraingíodh aird i bhfreagraí cáilíochtúla ar imní maidir le hualach rialála, ceanglais phleanála agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag rialú breise ar sholáthraithe cóiríochta.

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tacaíocht ghinearálta ann do chreat rialála atá soiléir, comhsheasmhach, á fhorfheidhmiú go héifeachtach agus in ann ardchaighdeán a chomhlíonadh i ngach cineál cóiríochta.

5.1 Cén rátáil a roghnófa chun cur síos ar an gcreat rialála atá bunaithe le haghaidh cóiríocht do thurasóirí in Éirinn (An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1939-2016)?

Bhí tuairimí freagróirí maidir le héifeachtacht an chreata rialála do chóiríocht do thurasóirí in Éirinn measctha.

5.2.1 Céard iad na gnéithe de rialú, más cuí, a chreideann tú a bhféadfadh sé a bheith riachtanach níos mó airde a thabhairt orthu?

Tharraing freagróirí aird ar ‘Rialú/Clárú’ na cóiríochta do thurasóirí mar an réimse is mó a raibh tuilleadh airde le tabhairt air. I measc na gceisteanna eile ar tarraingíodh aird orthu go coitianta bhí ‘Rialachas agus Maoirseacht’, ‘Forfheidhmiú agus Comhlíonadh’, agus cothabháil ‘Caighdeán Cáilíochta’. Lena chois sin, tharraing freagróirí áirithe aird ar an ngá a bhí le níos mó ‘Comhsheasmhacht ar fud na réigiún’. Ainneoin gur roghnaigh mionlach na bhfreagróirí ‘Níl aon cheist shuntasach’, tugtar le fios sna torthaí go bhfuil

spéis ghinearálta ag daoine an creat rialála agus a fheidhmiú a threisiú ar fud na hearnála cóiríochta do thurasóirí.

5.2.2 Tugadh cuireadh do fhreagróirí aon sonraí breise a chur ar fáil a d'fhéadfadh tacú leis na roghanna a rinne siad:

Tarraingíodh aird sna freagraí oscailte ar raon tuairimí maidir le rialú na cóiríochta do thurasóirí. Bhain an téama ba shuntasáí le *'Rialú/Clárú Ligean ar Cíos Gearrthéarmach'*, agus bhí freagróirí ag lorg maoirseacht níos láidre, córais chlárúcháin feabhsaithe agus creat rialála níos cothroime ar fud na gcineálacha cóiríochta. Thug freagróirí áirithe le fios go raibh imní orthu faoin *'Ualach Pleanála agus Rialála'* a raibh soláthraithe cóiríochta ag déileáil leis.

I measc na bpríomhthéamaí eile bhí an tábhacht a bhain le caighdeán cháilíochta a chothabháil, forfheidhmiú agus comhlíonadh a threisiú, agus socruithe rialachais agus maoirseachta a fheabhsú. Tharraing freagróirí aird freisin ar cheisteanna a bhain le tionchair thithíochta, bonneagar agus inbhuanaitheacht, cineálacha cóiríochta atá ag teacht chun cinn, nuachóiriú rialála agus comhsheasmhacht réigiúnach. Go ginearálta, is cosúil go bhfuil tacaíocht ghinearálta ann do chreat rialála soiléir, éifeachtach agus dea-fhorfheidhmithe, a thacaíonn le caighdeán agus le forbairt inbhuanaithe na hearnála cóiríochta ag an am céanna.

Cuid 6: Bailiú Sonraí

Thacaigh freagróirí go láidir le modh bailithe sonraí turasóireachta a fheabhsú agus tugadh aitheantas don luach a bhaineann lena leithéid chomh fada is a bhaineann le pleanáil turasóireachta, cinntí infheistíochta agus iompar cuairteoirí a thuiscint. Tacaíodh go ginearálta le tacar sonraí náisiúnta caighdeánaithe a fhorbairt agus le faisnéis bhreise ó chuairoteoirí a bhailiú, ar an gcoinníoll go mbíonn rannpháirtíocht deonach agus comhréireach.

Tugtar le fios sna torthaí freisin go bhfuil tús áite á thabhairt do mhodhanna bailithe sonraí digiteacha nach bhfuil ualach mór ag baint leo a chomhtháthaíonn le próisis áirithe agus seiceála isteach atá bunaithe cheana. Aithníodh trédhearcacht, éascaíocht rannpháirtíochta agus ceanglais riaracháin a laghdú mar bhreithniúcháin thábhachtacha. Ainneoin go raibh go leor tacaíochta do bhailiú sonraí feabhsaithe, tharraing soláthraithe cóiríochta aird ar imní phraiticiúil faoi chur chun feidhme agus faoi na tionchair oibriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag ceanglais tuairiscithe bhreise.

6.1 An dóigh leat go mbeadh sonraí feabhsaithe maidir le gluaiseachtaí cuairteoirí úsáideach do na réimsí seo a leanas?

Ar fud na réimsí ar fad a scrúdaiódh, thug tromlach suntasach freagróirí le fios go mbeadh sonraí gluaiseachta cuairteoirí feabhsaithe úsáideach. Is léir ó na torthaí go bhfuil

tacaíocht láidir ann chomh fada is a bhaineann le húsáid a bhaint as sonraí gluaiseachta cuairteoirí feabhsaithe chun bonn eolais a chur ar fáil do phleanáil turasóireachta, forbairt beartais agus bainistíocht chinn scríbe. Is cosúil gur dóigh le freagróirí go mbaineann luach suntasach lena leithéid de shonraí chun tacú le forbairt turasóireachta réigiúnach, iompar cuairteoirí a thuiscint agus bonn eolais a chur ar fáil do chinntí infheistíochta.

6.2 An dtacaíonn tú le príomhthacar sonraí náisiúnta caighdeánaithe a bhunú (teoranta do thréimhse fanachta, líon na n-aíonna agus áit chónaithe)?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tacaíocht láidir ann chun tacar comhsheasmhach agus teoranta de shonraí cóiríochta do chuairteoirí a bhailiú ag leibhéal náisiúnta. Ó tharla go bhfuil an tacar sonraí beartaithe teoranta do líon beag príomhathróg staitistiúil, tugann an leibhéal réasúnta ard tacaíochta le fios go bhfuil aitheantas ginearálta á thabhairt don luach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sonraí caighdeánaithe chun bonn eolais a chur ar fáil do phleanáil turasóireachta, forbairt beartais agus cinnteoireacht.

6.3 Cuireadh an cheist seo a leanas ar fhreagróirí: Dá mbeadh a leithéid le bunú, conas ba cheart an príomhthacar sonraí seo a bhailiú?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tús áite á thabhairt do chuir chuige dhigiteacha agus ísealualaigh chomh fada is a bhaineann le bailiú sonraí, agus léiríodh imní áirithe maidir leis an bhféidearthacht a bhaint le hualaí riaracháin méadaithe. Bhí seans níos mó ann go dtabharfadh freagróirí tús áite do mhodhanna ar féidir iad a chomhtháthú i bpróisis áirithinte agus seiceála isteach atá bunaithe cheana, seachas do chuir chuige a éilíonn rannpháirtíocht shuntasach foirne nó córas riaracháin ar páipéar.

Go ginearálta, dhírigh freagraí 'Eile' ar ghnéithe praiticiúla an bhailithe sonraí. Tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain lena chinntiú go mbíonn gach cineál cóiríochta san áireamh in aon chreat bailithe sonraí, tarraingíodh aird ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag aerfoirt agus calafoirt chomh fada is a bhaineann le sonraí faoi chuairteoirí a bhailiú, agus tagraíodh do shamplaí idirnáisiúnta de chórais chláraithe cuairteoirí.

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil freagróirí ag tacú le príomhfhaisnéis faoi chuairteoirí a bhailiú ar bhealach a íoslaghdaíonn an tslí a mbeifear ag cur isteach ar chuairteoirí agus ar sholáthraithe cóiríochta. Tugann an tóir atá ar chuir chuige ar líne agus chomhtháite le fios go bhfuil freagróirí i bhfabhar modhanna bailithe sonraí éifeachtúla agus cuíchóirithe.

6.4 Cén cur chuige a mbeifeá ag tacú leis?

Sular freagraíodh an cheist seo, cuireadh in iúl do fhreagróirí, sa bhreis ar an bpríomhthacar sonraí caighdeánaithe, go bhféadfaí tuilleadh faisnéise maidir le próifíl cuairteoirí a bhailiú, lena n-áirítear an chúis taistil, modh iompair, catagóir cuairteoirí agus cineál grúpa taistil.

Thug freagróirí tús áite do chur chuige cothromaithe maidir le bailiú sonraí turasóireachta, ar an gcoinníoll go mbíonn sé comhréireach, praiticiúil agus solúbtha. Ainneoin go raibh tacaíocht ghinearálta ann maidir le faisnéis bhreise faoi phróifíl cuairteoirí a bhailiú, bhí formhór na bhfreagróirí ag iarraidh go mbeadh a leithéid seo á dhéanamh ar bhonn deonach seachas go héigeantach. Bhí an tacaíocht do theorainn a chur le bailiú sonraí agus díreach príomhthacar sonraí a bhailiú níos ísle i gcomparáid leis sin, fianaise ar aitheantas ginearálta don luach a bhain le sonraí feabhsaithe faoi chuairteoirí a bhailiú chun tacú le pleanáil turasóireachta agus cinnteoireacht.

6.5 Cé chomh toilteanach is a bheadh tú faisnéis bhreise a chur ar fáil ar bhonn deonach?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil dearcadh réasúnta dearfach ag daoine maidir le faisnéis bhreise faoi chuairteoirí a chur ar fáil go deonach. Thug níos mó ná breis is leath de na freagróirí le fios go raibh siad toilteanach a bheith páirteach, agus níor thug ach líon réasúnta beag le fios nach mbeadh siad toilteanach a leithéid a dhéanamh.

Tá sé seo ag teacht le torthaí níos túisce a bhain le faisnéis bhreise faoi phróifíl cuairteoirí a bhailiú, inar léiríodh go raibh tús áite á thabhairt do phríomhthacar sonraí a raibh faisnéis dheonach ag cur leis seachas tacar sonraí éigeantach a bhí forbartha go hiomlán.

6.6 Cén cineál faisnéise breise maidir le próifíl cuairteoirí a mbeadh tú compordach a chur ar fáil ar bhonn deonach?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil leibhéal réasúnta ard compoird ag baint le raon faisnéise breise maidir le próifíl cuairteoirí a chur ar fáil sa chás go bhfuil rannpháirtíocht deonach. Bhí an chuma ar an scéal go raibh freagróirí níos toilteanaí faisnéis a bhain le cúiseanna taistil agus iompar taistil a chur ar fáil, agus bhí líon suntasach freagróirí ar a gcompord freisin chomh fada is a bhain le faisnéis faoi pháirtí taistil agus catagóir cuairteoirí a chur ar fáil.

Is fianaise é an céatadán réasúnta íseal a roghnaigh *‘Aon cheann de na roghanna thuas’* go raibh an drogall a bhí ar dhaoine sonraí breise a chur ar fáil sa chás go bhfuil an fhaisnéis iarrtha comhréireach agus neamhíogair, teoranta.

6.7 Céard iad na fachtóirí a mbeadh an tionchar is mó acu ar do leibhéal compoird chomh fada is a bhaineann le faisnéis bhreise faoi chuairteoirí a chur ar fáil?

Tugtar le fios sna freagraí gur príomhfachtóirí iad trédhearcacht agus áisiúlacht chomh fada is a bhaineann le toilteanas freagróirí chun faisnéis bhreise a chur ar fáil. Léiríodh sna torthaí, go ginearálta, go bhfuil níos mó imní ar fhreagróirí faoi theacht ar thuiscint ar an gcúis atá le faisnéis a bhailiú agus a chinntiú go bhfuil an próiseas simplí seachas ceisteanna a bhaineann le coinneáil sonraí nó comhroinnt sonraí.

Tá sé seo ag teacht le torthaí a tugadh faoi deara roimhe seo, inar léiríodh tacaíocht do chur chuige comhréireach agus deonach maidir le bailiú sonraí.

6.8 Dá mbeadh faisnéis bhreise faoi phróifíl cuairteoirí le bailiú (e.g. cúis taistil, banda aoise, modh iompair), conas ba cheart í a bhailiú?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tús áite á thabhairt do chuir chuige dhigiteacha agus ísealualaigh chomh fada is a bhaineann le faisnéis bhreise faoi phróifíl cuairteoirí a bhailiú. Bhí níos mó seans ann go dtabharfadh freagróirí tús áite do mhodhanna ar féidir iad a chomhtháthú i bpróisis áirithe agus seiceála isteach atá bunaithe cheana, agus ar an tslí sin, an t-ualach riaracháin atá ar sholáthraithe cóiríochta agus ar chuairteoirí araon a laghdú.

Tharraing líon beag freagróirí a roghnaigh ‘Eile’ aird ar imní maidir leis an ualach a chruthódh bailiú sonraí do sholáthraithe cóiríochta, cheistigh siad éifeachtacht an bhailithe sonraí ag leibhéal cóiríochta chun eolas faoi ghluaiseachtaí cuairteoirí a bhailiú, agus leag siad béim ar an tábhacht a bhain le solúbthacht d’aíonna i ndáil leis an tslí a bhfuil faisnéis á cur ar fáil.

Tá sé seo ailínithe le torthaí cheana féin ina léirítear tacaíocht do mhodhanna bailithe sonraí teicneolaíochtchumasaithe cuíchóirithe seachas cur chuige páipéir nó bunaithe ar chóras riaracháin foirne.

6.9 Nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar bhailiú agus ar úsáid sonraí aíonna, cé acu díobh seo a leanas ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Léirítear sna freagraí, go ginearálta, go dtuigeann freagróirí an luach a bhaineann le sonraí cuairteoirí do phleanáil turasóireachta agus do chinnteoireacht ach tugann siad tús áite do chur chuige atá comhréireach agus a chinntíonn cothromaíocht idir an cuspóir seo agus an gá atá ann an méid faisnéise a bhailítear ó chuairteoirí a theorannú. Ainneoin gur thug beagnach aon trian de na freagróirí tús áite do phleanáil turasóireachta feabhsaithe, ní raibh ach céatadán réasúnta beag den tuairim gurb í laghdú an bhailithe sonraí an t-aon tosaíocht amháin.

6.10 Ceist a cuireadh orthu siúd a thug le fios gur úinéirí cóiríochta do thurasóirí iad: Cé chomh indéanta is a bheadh sé an cineál seo bailithe sonraí a chomhtháthú i bpróisis seiceála isteach atá bunaithe cheana?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tuairimí measctha ag úinéirí cóiríochta faoi cé chomh praiticiúil is atá sé bailiú sonraí breise a chomhtháthú i bpróisis seiceála isteach atá bunaithe cheana. Ainneoin gur mheas céatadán suntasach gurbh fhéidir comhtháthú a dhéanamh go pointe áirithe, bhí níos mó seans ann go roghnódh freagróirí dúshlán feidhmithe seachas glacadh leis go raibh an próiseas simplí.

6.11 Ceist a cuireadh orthu siúd a thug le fios gur úinéirí cóiríochta do thurasóirí iad: Dá mbeadh sonraí le bailiú, cén modh a d’íoslaghdódh an t-ualach oibriúcháin?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil tús áite á thabhairt ag úinéirí cóiríochta do chuir chuige dhigiteacha, féinseirbhíse maidir le bailiú sonraí a íoslaghdaíonn rannpháirtíocht foirne agus ualach riaracháin. Go háirithe, is fianaise í an t-ardleibhéal tacaíochta do bhailiú ar líne roimh theacht ar thús áite a bheith á thabhairt do bhailiú faisnéise sula sroicheann aíonna an láthair, agus ar an tslí sin, laghdaítear an tionchar oibriúcháin a bhíonn ar sholáthraithe cóiríochta.

Tharraing freagraí ‘Eile’ aird ar imní maidir leis an ualach riaracháin a bhain le bailiú sonraí agus an seans go mbeadh cur i bhfeidhm neamh-chomhsheasmhach le tabhairt faoi deara i ndáil le cineálacha cóiríochta difriúla. Tá sé seo ag teacht le torthaí roimhe seo a bhain le modhanna bailithe sonraí tosaíochta.

6.12 Céard iad na breithniúcháin oibriúcháin is ábhartha i ndáil le bailiú agus úsáid sonraí cuairteoirí?

Tugtar le fios sna torthaí gur príomhábhar imní do fhreagróirí é na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le bailiú sonraí faoi chuairteoirí chomh fada is a bhaineann le cuairteoirí agus soláthraithe cóiríochta. Tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le heispéireas dearfach aíonna ar lámh amháin agus aon ualach riaracháin breise a laghdú ar an lámh eile. Tugadh le fios freisin gur fachtóirí tábhachtacha iad breithniúcháin rialachais sonraí agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach ceanglas i gcineálacha cóiríochta difriúla.

Go ginearálta, dhírigh freagraí a cuireadh ar fáil faoi ‘Eile’ ar na gnéithe praiticiúla agus ar an luach a bhain le bailiú sonraí. Thug roinnt freagróirí le fios gur cheart sonraí a bhailiú trí chomhlachtaí rialtais nó foinsí sonraí reatha seachas trí sholáthraithe cóiríochta, agus cheistigh freagróirí eile fós an gá a bhí le sonraí breise a bhailiú sa chás go bhféadfadh faisnéis den chineál céanna a bheith ar fáil cheana.

Cuid 7: Inacmhainneacht agus Infhaighteacht

Léirítear sna freagraí go bhfuil éagsúlacht le tabhairt faoi deara chomh fada is a bhaineann le dúshlán inacmhainneachta agus infhaighteacht sna catagóirí cuairteoirí diriúla agus nach bhfuil cothromaíocht le tabhairt faoi deara sa mhargadh turasóireachta trí chéile. Ainneoin go ginearálta gur braitheadh go raibh rochtain ag grúpaí áirithe, taistealaithe chuig imeachtaí gnó agus turasóirí idirnáisiúnta go háirithe, ar chóiríocht inacmhainne agus infhaighte, d’aithin freagróirí dúshlán níos suntasaí do thaistealaithe a bhí airdeallach ar bhuiséad, mar aon le taistealaithe teaghlaigh, turasóirí imeachta agus taistealaithe le riachtanais inrochtaineachta.

Chomh maith leis sin, tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le héagsúlacht na roghanna cóiríochta a mhéadú, soláthar a fhorbairt agus taisteal lasmuigh de bhuaicthréimhsí a spreagadh mar bhealach chun inacmhainneacht agus infhaighteacht a fheabhsú. Ainneoin gur glacadh leis go raibh tionchar ag imeachtaí móra ar

phraghsanna cóiríochta i gceantair áirithe, bhí níos mó seans ann go nglacfaidh freagróirí leis na héifeachtaí seo mar éifeachtaí ócáideacha seachas forleathana.

I gcodarsnacht leis sin, tarraingíodh aird ar shéasúracht mar dhúshlán suntasach agus leanúnach, agus thug formhór na bhfreagróirí le fios go bhfuil éifeacht aici fós ar éileamh agus ar infhaighteacht chóiríochta. In éineacht lena chéile, tarraingíonn na torthaí aird ar an ngá atá le cur chuige cothrom a dhéileáil le srianta acmhainne agus le brúnna inacmhainneachta agus a thacaíonn, ag an am céanna, le tairiscint turasóireachta níos éagsúla, inrochtana i gcaitheamh na bliana.

7.1 Conas a dhéanfa measúnú ar inacmhainneacht na cóiríochta do thurasóirí le haghaidh na gcineálacha cuairteoirí seo a leanas?

Bhraith freagróirí go raibh difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara chomh fada is a bhain le hinacmhainneacht chóiríochta i measc na ngrúpaí cuairteoirí. Go ginearálta, glacadh leis go raibh rochtain níos fearr ag taistealaithe chuig imeachtaí gnó agus ag turasóirí idirnáisiúnta ar chóiríocht inacmhainne, agus glacadh leis gur ag taistealaithe a bhí airdeallach ar bhuiséad a bhí na dúshlán inacmhainneachta is mó le sárú, agus taistealaithe teaghlaigh agus turasóirí imeachta ina dhiaidh sin. Tríd is tríd, measadh go raibh cóiríocht réasúnta inacmhainne ar fud na gcatagóirí cuairteoirí go pointe áirithe, rud a thug le fios ainneoin go bhfuil roghanna ar fáil go ginearálta, go bhféadfadh costais deacrachtaí a chruthú do go leor taistealaithe fós.

7.2 Conas a dhéanfa measúnú ar infhaighteacht na cóiríochta do thurasóirí le haghaidh na gcineálacha cuairteoirí seo a leanas?

Bhraith freagróirí go raibh difríochtaí soiléire le tabhairt faoi deara chomh fada is a bhain le hinfaighteacht chóiríochta i measc na ngrúpaí cuairteoirí. Go ginearálta, glacadh leis go raibh rochtain mhaith ag taistealaithe idirnáisiúnta, taistealaithe chuig imeachtaí gnó agus turasóirí náisiúnta ar chóiríocht, agus glacadh leis gur ag taistealaithe a bhí airdeallach ar bhuiséad a bhí na dúshlán infhaighteachta is mó le sárú, agus taistealaithe teaghlaigh agus turasóirí imeachta ina dhiaidh sin. Tríd is tríd, ainneoin gur measadh go coitianta go raibh cóiríocht ar fáil go pointe áirithe, ní gá i gcónaí go mbeadh dóthain cóiríochta ar fáil nó go mbeadh sí san fhoirm nó sa suíomh ceart chun freastal ar éileamh ag an am.

7.3 Céard iad na bearta a d'fhéadfadh tacú leis an bhfeabhas is mó ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht chóiríochta do thurasóirí?

Tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le soláthar cóiríochta a mhéadú agus éileamh a bhainistiú chun dul i ngleic le dúshlán a bhain le hinacmhainneacht agus infhaighteacht. Tacaíodh go láidir le forbairt agus le héagsúlú roghanna cóiríochta, acmhainn a mhéadú agus taisteal lasmuigh de bhuaicthréimhsí a spreagadh chun an brú ar éileamh a laghdú.

Dhírig moltaí eile ar na costais a bhaineann le cóiríocht a chur ar fáil a laghdú, déileáil le himní maidir le praghsáil (costais ghnó laghdaithe agus rátaí CBL níos ísle), rialú agus caighdeáin cháilíochta a threisiú, bonneagar iompair a fheabhsú, tacú le samhlacha cóiríochta traidisiúnta cosúil le Tithe Leaba is Bricfeasta, agus éileamh turasóireachta a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Tharraing roinnt freagróirí aird freisin ar imní a bhain le cóiríocht do thurasóirí a úsáid do chuspóirí neamhthurasóireachta, fianaise ar thuairim go bhfuil gá le meascán de bhearta costais agus idirghabhálacha beartais níos ginearálta chun infhaighteacht agus inacmhainneacht chóiríochta a fheabhsú.

7.4 Cé chomh minic is a bhíonn tionchar ag imeachtaí móra (imeachtaí spóirt, féilte, comhdhálacha) ar phraghsanna cóiríochta i do cheantar?

Bhí tuairimí measctha ag freagróirí faoin tionchar a bhíonn ag imeachtaí móra ar phraghsanna cóiríochta ina gceantar féin. Tugtar le fios sna freagraí, ainneoin go mbraitear go mbíonn tionchar ag imeachtaí móra ar phraghsanna cóiríochta i gceantair áirithe, go háirithe i rith tréimhsí ardéilimh, go mbíonn freagróirí den tuairim, tríd is tríd, nach mbíonn a leithéid de thionchair le tabhairt faoi deara ach go hannamh seachas go minic.

7.5 Cén suntas a bhaineann le séasúracht i ndáil le cóiríocht do thurasóirí i do cheantar?

Go ginearálta, bhí freagróirí den tuairim gur ceist shuntasach chomh fada is a bhain le cóiríocht do thurasóirí ina gceantar féin í séasúracht. Tugtar le fios sna torthaí gurb ionann séasúracht agus dúshlán ginearálta do sholáthraithe cóiríochta do thurasóirí agus do chinn scríbe turasóireachta, a mbíonn tionchar aici ar phatrúin éilimh don chuid is mó den bhliain.

Cuid 8: Inrochtaineacht

Tá freagróirí airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le cóiríocht inrochtana agus, go ginearálta, ghlac siad leis mar chomhpháirt shuntasach den tairiscint turasóireachta trí chéile. Bhí go leor freagróirí den tuairim, áfach, nach bhfuil an soláthar reatha sásúil, go háirithe i gceantair thuaithe, bailte beaga agus buaic-chinn scríbe do thurasóirí.

Rinne freagróirí a bhfuil taithí dhíreach acu ar cheanglais inrochtaineachta measúnuithe measctha ar chóiríocht inrochtana a bhí ar fáil faoi láthair, ach thug formhór le fios go mbeadh tionchar ag feabhsuithe ar inrochtaineacht ar a rogha chinn scríbe in Éirinn. Tharraing úinéirí cóiríochta aird ar chostais airgeadais, ceanglais phleanála agus bacainní tógála mar na príomhbhacainní a bhí ar fhorbairt a dhéanamh ar chóiríocht inacmhainne a sholáthar.

Tarraingíodh aird sna torthaí freisin ar thacaíocht do chur chuige cothrom chun inrochtaineacht a fheabhsú, trí sholáthar cóiríochta feabhsaithe a nascadh le bearta

feidhmithe praiticiúla, tacaíochtaí airgeadais agus infheistíocht i mbonneagar inrochtaineachta níos ginearálta. Leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhain lena chinntiú go bhfuil beartais inrochtaineachta comhréireach, tá siad airdeallach ar na dúshlán atá le sárú ag soláthraithe cóiríochta i láthair na huaire agus thug siad léargas ar riachtanais éagsúla cuairteoirí a bhfuil ceanglais inrochtaineachta acu.

8.1 Cé chomh tábhachtach is atá infhaighteacht na cóiríochta inrochtana do thurasóirí sa tairiscint chóiríochta do thurasóirí trí chéile?

Go ginearálta, d'aithin freagróirí an tábhacht a bhain le cóiríocht inrochtana do thurasóirí mar chuid den tairiscint chóiríochta iomlán. Tá fianaise le fáil sna torthaí ar thacaíocht ghinearálta chun a chinntiú gur féidir leis an soláthar cóiríochta freastal ar chuairteoirí a bhfuil ceanglais inrochtaineachta éagsúla acu, ainneoin go raibh éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna tuairimí a bhain leis an méid tábhachta ba cheart a lua leis an gceist seo.

8.2 Dar leat, cé chomh leordhóthanach is atá an soláthar de chóiríocht inrochtana do thurasóirí in Éirinn i láthair na huaire?

Tugtar le fios sna torthaí seo, go ginearálta, go bhfuil freagróirí den tuairim go mbaineann easnaimh leis an soláthar reatha de chóiríocht inrochtana do thurasóirí. Ainneoin gur mheas thart ar aon trian go raibh an soláthar reatha oiriúnach, tríd is tríd, bhí níos mó seans ann go dtarraingeodh freagróirí aird ar easnaimh, fianaise ar ghá a bheith le breis infhaighteachta cóiríochta a fhreastalaíonn ar chuairteoirí a bhfuil ceanglais inrochtaineachta acu.

Nuair a bhreithnítear é seo taobh leis na torthaí in 8.1, áfach, tarraingíonn na torthaí aird ar bhearna idir an tábhacht a bhaineann le cóiríocht inrochtana agus na tuiscintí atá ag daoine ar an soláthar atá ar fáil i láthair na huaire.

8.3 Cá háit, más cuí, a gcreideann tú a bhfuil an riachtanas is mó do chóiríocht inrochtana do thurasóirí le tabhairt faoi deara?

Tugtar le fios sna torthaí go raibh freagróirí den tuairim go raibh an riachtanas is mó le haghaidh cóiríocht inrochtana bhreise do thurasóirí taobh amuigh de na príomhionaid uirbeacha, go háirithe i gceantair thuaithe agus bailte beaga. Is fianaise é sin ar thuairim go bhféadfadh bearnaí inrochtaineachta a bheith níos feiceálaí i suíomhanna ina bhfuil an soláthar cóiríochta níos teoranta nó sa chás nach bhfuil roghanna inrochtana ar fáil chomh coitianta céanna.

8.4 Bunaithe ar do thaithí féin, cé chomh maith is atá ag éirí leis an gcóiríocht inrochtana atá ar fáil faoi láthair freastal ar riachtanais úsáideoirí?

Fiafraíodh an cheist seo de fhreagróirí a thug le fios go n-úsáideann siad féin, nó duine éigin a bhíonn ag taisteal leo go rialta, cóiríocht inrochtana do thurasóirí go rialta nó anois is arís.

Tugtar le fios sna torthaí seo go bhfuil measúnú measctha á dhéanamh ag freagróirí a bhfuil taithí dhíreach acu ar cheanglais inrochtaineachta, ar chóiríocht inrochtana atá ar fáil i láthair na huaire. Ainneoin go raibh seans níos mó ann go ndéanfadh freagróirí measúnú dearfach seachas measúnú diúltach go pointe áirithe, is fianaise é an céatadán réasúnta ard a roghnaigh ‘Ní Go Maith’ chun cur síos a dhéanamh ar an tslí a bhfuil cóiríocht ag freastal ar riachtanais úsáideoirí, go bhfuil dúshlán fós ag baint lena chinntiú go bhfreastalaíonn cóiríocht inrochtana ar riachtanais úsáideoirí go comhsheasmhach.

8.5 An mbeadh tionchar ag cóiríocht inrochtana feabhsaithe ar do rogha chinn scríbe laistigh d’Éirinn?

Fiafraíodh an cheist seo de fhreagróirí a thug le fios go n-úsáideann siad féin, nó duine éigin a bhíonn ag taisteal leo go rialta, cóiríocht inrochtana do thurasóirí go rialta nó anois is arís.

Tugtar le fios sna torthaí go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag breithniúcháin inrochtaineachta sna cinn scríbe a roghnaíonn cuairteoirí a bhfuil ceanglais inrochtaineachta acu agus daoine a bhíonn ag taisteal le daoine a bhfuil a leithéid seo de riachtanais acu. Is fianaise iad freisin ní hamháin go bhféadfadh infhaighteacht agus cáilíocht mhéadaithe na cóiríochta inrochtana eispéiris cuairteoirí a fheabhsú, ach d’fhéadfadh siad tionchar a imirt ar phatrúin taistil laistigh d’Éirinn trína chinntiú gur féidir raon níos leithne ceann scríbe a chur san áireamh.

8.6 Ceist d’úinéirí cóiríochta do thurasóirí: Céard iad na príomhfhachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar nó ar fhorbairt chóiríochta inrochtana do thurasóirí?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil úinéirí cóiríochta den tuairim go bhfuil forbairt na cóiríochta inrochtana do thurasóirí srianta ag breithniúcháin airgeadais, rialála agus fhisiciúla foirgnimh, seachas ag easpa éilimh. Tarraingíonn suntas na mbacainní costais go háirithe aird ar an tábhacht a d’fhéadfadh a bheith ag baint le tacaíochtaí, dreasachtaí nó bearta treorach chun infheistíocht i gcóiríocht inrochtana amach anseo a éascú.

8.7 Nuair a bhíonn cothromaíocht á cinntiú idir cuspóirí difriúla, cé acu ba cheart níos mó tacaíochta a thabhairt dóibh sa Straitéis?

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil freagróirí airdeallach ar an tábhacht a bhaineann leis an soláthar cóiríochta a leathnú agus a chinntiú go bhfuil cóiríocht inrochtana do raon leathan cuairteoirí. Nuair a bhíonn comhréiteach idir na cuspóirí seo le tabhairt faoi deara, áfach, bíonn fonn ar fhreagróirí tús áite, ar éigean, a thabhairt d’inrochtaineacht agus ionchuimsiú.

Tarraingíonn an scoilt bheag atá le tabhairt faoi deara sna freagraí aird ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige cothromaithe a bhfuil sé mar aidhm leis an acmhainn

chóiríochta a mhéadú agus breithniúcháin inrochtaineachta agus ionchuimsitheachta a leabú laistigh d'fhorbairt chóiríochta amach anseo.

8.8 An bhfuil aon bhreithniúchán eile ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn beartas á fhorbairt chun tacú le cóiríocht inrochtana do thurasóirí?

Tarraingíodh aird i bhfreagraí saorthéacs ar roinnt breithniúchán a chreideann freagróirí ba cheart a bheith mar bhonn le forbairt beartais amach anseo a bhaineann le cóiríocht inrochtana do thurasóirí.

Leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhain le hinrochtaineacht i gcóiríocht do thurasóirí a fheabhsú trí chur chuige cothromaithe agus ar an bpointe gur cheart go mbeadh bearta beartais in éineacht le rialú comhréireach, tacaíocht airgeadais, treoir phraiticiúil agus infheistíocht sa bhonneagar inrochtaineachta. I measc na bpríomhthéamaí bhí an gá a bhí le ceanglais inrochtaineachta chomhréireacha, breis solúbthachta i ndáil le seanfhoirgnimh agus foirgnimh oidhreachta, tuiscint níos soiléire ar riachtanais inrochtaineachta dhifriúla agus faisnéis níos fearr do chuairteoirí.

Lena chois sin, tharraing rannpháirtithe aird ar dhúshlán a bhain le hacmhainn chóiríochta, an costas a bhain le réadmhaoin atá ar fáil cheana a iarfheistiú, agus an gá atá le deontais agus dreasachtaí chun tacú le feabhsuithe inrochtaineachta. Tríd is tríd, léiríodh tacaíocht láidir d'inrochtaineacht a fheabhsú, agus leag freagróirí béim ar an bpointe gur cheart go mbeadh soláthraithe cóiríochta in ann athruithe a dhéanamh fad is atá riachtanais taistealaithe a bhfuil ceanglais inrochtaineachta acu á gcomhlíonadh go héifeachtach.

Cuid 9: Caighdeáin Chomhshaoil agus Inbhuanaitheacht

Thacaigh freagróirí go láidir le caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil san earnáil cóiríochta do thurasóirí, go háirithe bearta a fheabhsaíonn éifeachtúlacht acmhainní agus a laghdaíonn tionchair chomhshaoil, cosúil le bainistíocht uisce agus dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh agus iarfheistiú cóiríochta atá ar fáil cheana. Leagadh béim sna freagraí ar an bpointe gur cheart go mbeadh tionscnaimh inbhuanaitheachta praiticiúil, go mbeadh maoiniú agus dreasachtaí ag tacú leo, agus go mbeadh siad saincheaptha le haghaidh cineálacha cóiríochta difriúla, agus ag an am céanna, ba cheart aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le breithniúcháin shóisialta, eacnamaíocha agus inbhuanaitheachta pobail níos ginearálta, inrochtaineacht san áireamh.

9.1 Cé chomh tábhachtach is atá caighdeáin nó cleachtais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta i gcóiríocht do thurasóirí?

Go ginearálta, bhí freagróirí den tuairim gur bhain tábhacht le caighdeáin nó cleachtais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta i gcóiríocht do thurasóirí.

9.2 Céard iad na bearta inbhuanaitheachta is tábhachtaí dar leat chomh fada is a bhaineann le cóiríocht do thurasóirí?

Tugtar le fios sna torthaí gur dócha le freagróirí go mbaineann an méid is mó tábhachta le bearta praiticiúla a fheabhsaíonn éifeachtúlacht acmhainní agus a laghdaíonn tionchair chomhshaoil, go háirithe bainistíocht uisce agus dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh agus uasghrádú an stoic chóiríochta atá ar fáil cheana.

Dhírigh freagraí *‘Eile’* den chuid is mó ar chur chun feidhme breithniúchán seachas ar bhearta inbhuanaitheachta nua a mholadh. Tharraing freagróirí aird ar an ngá a bhí le maoiniú agus dreasachtaí chun tacú le hiarfheistiú agus feabhsuithe eile, na dúshláin a bhain le bearta áirithe a chur i bhfeidhm i réadmhaoin oidhreachta, agus an tábhacht a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch taobh le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. Thagair líon níos lú freagróirí do thionchair thithíochta, róthurasóireacht, bonneagar luchtaithe FL, inrochtaineacht iompair phoiblí, ceanglais tuairiscithe comhshaoil, athchúrsáil agus spásanna glasa a chur ar fáil.

Cuid 10: Cóiríocht ar Cíos go Gearrthéarmach

Thuaiscigh freagróirí leibhéil measartha go hardleibhéil de ligean ar cíós go gearrthéarmach ina gceantair féin agus tharraing siad aird ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí. Bhain na príomhbhuntáistí le turasóireacht agus le gníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear caiteachas méadaithe do chuairoteoirí, tacaíocht do ghnóthaí áitiúla agus níos mó rogha agus acmhainne cóiríochta. Ba iad imní maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta laghdaithe na tionchair dhiúltacha ba mhinice ar tagraíodh dóibh. Ainneoin gur mheas go leor freagróirí gur chuir ligean ar cíós go gearrthéarmach leis an gcóiríocht a bhí ar fáil do thurasóirí cheana féin, bhí daoine eile fós den tuairim go raibh sé ag dul in iomaíocht le soláthraithe traidisiúnta.

Go ginearálta, thuig freagróirí an luach turasóireachta a bhain lena leithéid ach tharraing siad aird ar an ngá a bhí ann cothromaíocht a chinntiú idir na buntáistí seo agus riachtanais tithíochta agus phobail.

10.1 Conas a dhéanfa cur síos ar scála na gníomhaíochta cóiríochta ar cíós go gearrthéarmach i do cheantar?

Go ginearálta, bhraith freagróirí go raibh gníomhaíocht a bhain le ligean ar cíós go gearrthéarmach ina gceantair féin idir measartha agus ard, agus thuairiscigh níos lú freagróirí leibhéil ísle. Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil láithreach shuntasach ag ligean ar cíós go gearrthéarmach i bhformhór na gceantar a bhfuil ionadaíocht déanta orthu sa suirbhé.

10.2 Céard iad, más ann dá leithéid, na gníomhaíochtaí dearfacha a bhíonn ag cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach i do cheantar? (Roghnaigh gach rogha ábhartha)

Go minic, shamhlaigh freagróirí gur bhain buntáistí do thurasóireacht agus don gheilleagar áitiúil le cóiríocht a ligean ar cíós go gearrthéarmach. I measc na

bpríomhthionchar dearfach bhí tacú le gnóthaí áitiúla agus le soláthraithe fáilteachais, caiteachas cuairteoirí a mhéadú, an rogha chóiríochta a mhéadú agus cabhrú chun freastal ar líon níos mó cuairteoirí. Chomh maith leis sin, tharraing roinnt freagróirí aird ar athúsáid réadmhaoin fholamh, tacaíocht d'fhéilte agus imeachtaí, deiseanna eacnamaíocha i gceantair thuaithe, cóiríocht do ghrúpaí níos mó agus rannpháirtíocht feabhsaithe cuairteoirí le pobail áitiúla.

Bhí tuairimí measctha léirithe sna freagraí *'Eile'*. Ainneoin gur thuig freagróirí an tslí ar chuir ligean ar cíós go gearrthéarmach le turasóireacht agus le gníomhaíocht turasóireachta áitiúil, bhí imní ar dhaoine áirithe faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar infhaighteacht tithíochta, pobail áitiúla agus iomaíocht le soláthraithe cóiríochta eile.

10.3 Céard iad, más ann dá leithéid, na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach i do cheantar? (Roghnaigh gach rogha ábhartha)

Tugtar le fios sna freagraí gurb iad imní faoi sholáthar agus inacmhainneacht tithíochta na tionchair dhiúltacha ba choitianta a braitheadh a bhain le cóiríocht a ligean ar cíós go gearrthéarmach. Ag an am céanna, thug céatadán suntasach freagróirí le fios nár shíl siad gur bhain aon dúshlán suntasach le ligean ar cíós go gearrthéarmach ina gceantar féin.

I bhfreagraí *'Eile'* léiríodh raon tuairimí maidir leis na tionchair a bhí ag ligean ar cíós go gearrthéarmach. Leag roinnt freagróirí béim ar an imní a bhain le hinfaighteacht tithíochta, comhtháthú pobail agus carachtar comharsanachta, agus tagraíodh do dheacrachtaí a bheith ag daoine agus oibrithe áitiúla chomh fada is a bhain le rochtain a fháil ar chóiríocht agus imní maidir le díláithriú cónaitheoirí fadtéarmacha. Chomh maith leis sin, tharraing freagróirí aird ar cheisteanna a bhain le slándáil i bhforbairtí ilaonaid, brú ar fhuíolluisce agus ar bhonneagar eile, agus dáileadh éagothrom gníomhaíochta turasóireachta.

Bhí freagróirí áirithe den tuairim nach mbíonn tionchair dhiúltacha shuntasacha ag ligean ar cíós go gearrthéarmach ar a gceantar féin, go háirithe sa chás go bhfuil cóiríocht á cur ar fáil trí roinnt tí nó úsáid a bhaint as réadmhaoin nach bhfuil oiriúnach d'úsáid chónaithe fadtéarmach. Chomh maith leis sin, bhí roinnt freagróirí den tuairim nár cheart ligean ar cíós go gearrthéarmach a nascadh le ganntanas tithíochta níos ginearálta agus leagadh béim ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena leithéid i gcomhthéacs turasóireachta agus geilleagair áitiúil.

10.4 Cén tionchar atá ag cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach ar chineálacha eile cóiríochta do thurasóirí i do cheantar?

Is léir ó na torthaí go raibh seans níos mó ann go mbeadh freagróirí den tuairim go raibh ligean ar cíós go gearrthéarmach ag cur le seachas ag dul in iomaíocht leis an soláthar

cóiríochta atá ar fáil i láthair na huaire. Bhí céatadán suntasach den tuairim, áfach, go raibh an caidreamh iomaíoch nó ag brath ar imthosca áitiúla, rud a thug le fios go n-athraíonn an tionchar atá ag ligean ar cíós go gearrthéarmach i margaí turasóireachta difriúla.

Cuid 11: Cothromaíocht Réigiúnach agus Turasóireacht Tuaithe

Leag freagróirí béim ar an ngá atá le hinfheistíocht i mbonneagar, forbairt chinn scríbe agus tacaíochtaí airgeadais chun dlús a chur le fás turasóireachta in áiteanna eile seachas sna mórionaid uirbeacha. Ba iad ceantair thuaithe, bailte beaga agus cinn scríbe chósta agus oileáin ba mhinice a aithníodh mar thosaíochtaí chomh fada is a bhain le forbairt chóiríochta bhreise. Tarraingítear aird sna torthaí freisin ar an tábhacht a bhaineann le naisc iompair, acmhainn chóiríochta, saoraidí imeachta agus nascacht dhigiteach chun mealltacht ceantar tuaithe d'imeachtaí turasóireachta agus gnó a fheabhsú.

11.1 Céard iad na bearta is fearr chun tacú le cóiríocht do thurasóirí i gceantair thuaithe agus réigiúnacha?

D'aithin freagróirí infheistíocht bhonneagair, forbairt chinn scríbe agus tacaíochtaí airgeadais spriocdhírthe mar na príomhbhearta a theastaíonn chun tacú le cóiríocht do thurasóirí i gceantair thuaithe agus réigiúnacha. Glacadh leis go ginearálta freisin gur bhain tábhacht le margaíocht agus le forbairt chinn scríbe chun cuairteoirí a mhealladh agus chun tairiscintí turasóireachta áitiúla a threisiú. Lena chois sin, tharraing roinnt freagróirí aird freisin ar dhúshláin a bhain le planáil, costais forbartha agus riosca airgeadais, mar aon leis an ngá a bhí ann nithe is díol spéise, taitneamhachtaí cultúrtha agus seirbhísí atá ar fáil i gcaitheamh na bliana a fheabhsú.

11.2 Cá bhfuil an chóiríocht bhreise do thurasóirí ag teastáil go géar?

Tá tacaíocht beagán níos airde go pointe áirithe sna torthaí do sholáthar cóiríochta a fheabhsú i gceantair thuaithe agus i lonnaíochtaí níos lú. Bhí na freagraí dailte i ngach cineál suímh, áfach, rud a thugann le fios go bhfuil freagróirí den tuairim go bhfuil gá le tuilleadh cóiríochta do thurasóirí i gcinn scríbe éagsúla seachas in aon cheantar geografach ar leith.

11.3 Dar leat, céard iad na fachtóirí a chuirfeadh an feabhas is mó ar chumas réigiún tuaithe imeachtaí gnó a mhealladh (e.g., cruinnithe, tearmainn chorparáideacha, imeachtaí oiliúna)? (Roghnaigh gach rogha ábhartha)

D'aithin freagróirí nascacht iompair mar an fachtóir is tábhachtaí chomh fada is a bhaineann le cumas réigiún tuaithe a fheabhsú chun imeachtaí gnó a mhealladh. Glacadh le hacmhainn chóiríochta oiriúnach i gcaitheamh na bliana, ionaid atá oiriúnach d'imeachtaí agus nascacht leathanbhanda iontaofa mar phríomhcheanglais freisin.

Lena chois sin, tharraing roinnt freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le heispéireas foriomlán cuairteoirí a fheabhsú trí nithe is díol spéise áitiúla, gníomhaíochtaí agus taitneamhachtaí cinn scríbe, agus tharraing freagróirí eile fós aird ar shrianta pleanála agus forbartha.

Cuid 12: Tuairimí Breise agus Anailís Théamach

Chuir 139 freagróir ar fad tuairimí breise ar fáil, a bhí grúpáilte i roinnt téamaí athfhillteacha. Ba iad na topaicí ba mhinice a pléadh ná cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach, forbairt turasóireachta tuaithe agus réigiúnaí, pleanáil agus rialú, inbhuanaitheacht, tithíocht agus forbairt táirgí turasóireachta.

Tharraing freagróirí aird na dlúthnaisc idir cóiríocht do thurasóirí, pleanáil, forbairt réigiúnach, tithíocht, bonneagar agus folláine pobail. Ba é ligean ar cíós go gearrthéarmach an cheist ba shuntasáí, ceist a mheall tacaíocht mar gheall ar na buntáistí turasóireachta a bhain lena leithéid agus imní maidir leis an tionchar atá ag a leithéid ar thithíocht.

Leag freagróirí béim ar an ngá a bhí ann an acmhainn chóiríochta a fhorbairt, tacú le turasóireacht tuaithe, bonneagar agus nascacht a fheabhsú, tairiscint chóiríochta éagsúil a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil cothromaíocht idir fás turasóireachta amach anseo agus breithniúcháin phobail agus timpeallachta. Pléitear na téamaí aitheanta ar bhealach níos mionsonraithe thíos.

12.1.1 Cóiríocht ar Cíós go Gearrthéarmach

Ba é ‘*Cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach*’ an cheist ba mhinice a pléadh, agus bhí tuairimí éagsúla ag freagróirí maidir leis an ról atá aige seo in earnáil turasóireachta na hÉireann. Tharraing go leor freagróirí aird ar an tslí ar chuir sé seo le hacmhainn turasóireachta, roghanna do chuairteoirí, geilleagar áitiúil agus forbairt réigiúnach, go háirithe i gceantair thuaithe agus chósta ina bhféadfadh roghanna cóiríochta a bheith teoranta. Chomh maith leis sin, tharraing freagróirí aird ar an ról a bhí ag a leithéid i dtacú le gnóthaí turasóireachta agus le réadmhaoin tuaithe agus oidhreacht a chothabháil.

Ag an am céanna, bhí imní ar dhaoine faoin tionchar a bhí ag ligean ar cíós go gearrthéarmach ar infhaighteacht tithíochta, inbhuanaitheacht pobail agus inmharthanacht fhadtéarmach ceann scríbe. Bhí rialú níos láidre, ceanglais chlárúcháin agus bearta forfheidhmithe á lorg ag go leor freagróirí, go háirithe i gceantair ina raibh brú tithíochta le tabhairt faoi deara. Téama coitianta ba ea tacaíocht do chlárú agus bailiú sonraí feabhsaithe.

Ainneoin go raibh tuairimí difriúla ag daoine faoin leibhéal cuí rialacháin, thacaigh roinnt freagróirí le córas clárúcháin a bhunú do ligean ar cíós go gearrthéarmach, agus

tarraingíodh aird ar an bpointe gur cheart go mbeadh aon chur chuige rialála amach anseo comhréireach, fianaisebhunaithe agus ag freagairt d'imthosca áitiúla.

12.1.2 Forbairt Turasóireachta Tuaithe agus Réigiúnach

Príomhthéama ba ea *'Forbairt turasóireachta tuaithe agus réigiúnach'*, agus tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le turasóireacht chomh fada is a bhaineann le gilleagar agus pobail áitiúla. Tharraing go leor daoine aird ar an ngá a bhí ann tacú le cinn scríbe nach dtugtar cuairt orthu chomh minic céanna, tacaíocht do scaipeadh cuairteoirí agus a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne cóiríochta ar fáil taobh amuigh de mhórionaid turasóireachta.

Tarraingíodh aird ar shéasúracht mar dhúshlán suntasach, agus mhol freagróirí go bhféadfadh margaíocht feabhsaithe, tionscnaimh thurasóireachta i gcaitheamh na bliana agus infheistíocht i nithe is díol spéise uile-aimsire cabhrú chun tacú le héileamh i rith na bliana. Lena chois sin, leag freagróirí béim ar an ról atá ag soláthraithe cóiríochta agus gnóthaí turasóireachta i dtacú le fostaíocht, gnóthaí áitiúla agus gníomhaíocht eacnamaíoch i gceantair thuaithe.

Tharraing freagróirí aird ar an ngá atá le hinfheistíocht agus tacaíocht spriocdhírthe, lena n-áirítear maoiniú d'fhorbairt chóiríochta, feabhsuithe iompair, bonneagar imeachtaí, dreasachtaí cánach agus cúnamh d'fhiontair thurasóireachta áitiúla, chun fás turasóireachta i gcinn scríbe réigiúnacha a threisiú.

12.1.3 Pleanáil, Rialú agus Beartas

Tagraíodh do *'Pleanáil, rialú agus beartas'* go minic, go háirithe i ndáil le ceadanna pleanála, ceanglais rialála, ceanglais athraithe úsáide agus rialachas forbairt na cóiríochta do thurasóirí. Tharraing freagróirí áirithe aird ar imní a bhain le moilleanna, éiginnteacht agus neamhréireanna a bhain le próisis phleanála.

Rinneadh neart tagairtí do ligean ar cíós go gearrthéarmach faoin téama seo. Ainneoin go raibh tuairimí éagsúla ag daoine faoin leibhéal rialacháin a bhí ag teastáil, thacaigh go leor daoine le córais chlárúcháin nua agus le bailiú sonraí feabhsaithe, agus tugadh tús áite do cheanglais chlárúcháin a scaradh ó cheanglais phleanála agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach, go háirithe le haghaidh oibrithe atá bunaithe cheana.

Chomh maith leis sin, thug freagróirí le fios go raibh ualaí riaracháin, castacht rialála agus costais chomhlíonta do ghnóthaí turasóireachta ag déanamh imní dóibh. Ag an am céanna, leag freagróirí áirithe béim ar an tábhacht a bhain le caighdeáin chuí a chothabháil, le maoirseacht agus forfheidhmiú.

I roinnt aighneachtaí lorgaíodh tuilleadh comhordaithe i measc comhlachtaí poiblí, pleanáil straitéiseach níos fearr agus creat beartais comhtháite chun tacú le forbairt na cóiríochta inbhuanaithe do thurasóirí.

12.1.4 Inbhuanaitheacht, Pobail agus Tithíocht

Téama suntasach ba ea *‘Inbhuanaitheacht, folláine pobail’*. Leag go leor freagróirí béim ar an bpointe gur cheart go mbeadh forbairt turasóireachta ag dul chun tairbhe pobal áitiúil agus go mbeadh cothromaíocht á cinntiú idir fás turasóireachta, infhaighteacht tithíochta agus caighdeán beatha cónaitheoirí.

Ábhar imní ar tagraíodh dó arís is arís eile ba ea infhaighteacht tithíochta, go háirithe i gceantair atá ag brath ar thurasóireacht, agus i measc na gceisteanna ar tarraingíodh aird orthu bhí soláthar teoranta na cóiríochta ar cíós go fadtéarmach, dúshlán a bhain le cóiríocht do bhaill foirne agus inacmhainneacht. Tharraing freagróirí aird ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag ganntanas tithíochta ar ghnóthaí turasóireachta, lena n-áirítear deacrachtaí a bhain le hoibrithe a earcú agus a choinneáil.

Léiríodh tacaíocht láidir freisin do phobail áitiúla, cultúr agus sócmhainní comhshaoil a chaomhnú trí fhorbairt turasóireachta inbhuanaithe. Tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain leis an timpeallacht a chosaint, deiseanna éiceathurasóireachta agus a chinntiú go bhfuil fás turasóireachta ailínithe le riachtanais fhadtéarmacha cónaitheoirí agus pobal.

Ainneoin go ndearnadh neart plé ar thionchair thithíochta, bhí tuairimí difriúla ag daoine faoi ról na cóiríochta do thurasóirí chomh fada is a bhain le brú tithíochta níos ginearálta. Bhí freagróirí áirithe ar son breis rialacháin i gceantair ina raibh ganntanas tithíochta, agus bhí freagróirí eile fós den tuairim gur spriocanna comhlántacha iad tithíocht agus cóiríocht do thurasóirí ar féidir leo feidhmiú taobh le taobh.

12.1.5 Táirge Turasóireachta agus Forbairt Chinn Scríbe

Tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le tairiscint turasóireachta na hÉireann a threisiú trí infheistíocht i nithe is díol spéise, imeachtaí, áineas amuigh faoin aer agus bonneagar turasóireachta gnó. Tharraing siad aird ar an tábhacht a bhain le tacú le turasóireacht i gcaitheamh na bliana, forbairt réigiúnach, scaipeadh cuairteoirí agus cur chun cinn shócmhainní cultúrtha agus oidhreachta na hÉireann. Tugadh le fios freisin go raibh ról suntasach ag saoráidí feabhsaithe do chuairteoirí, nithe is díol spéise do theaghlaigh agus bonneagar cinn scríbe i bhfás na turasóireachta inbhuanaithe.

12.1.6 Cineálacha Cóiríochta agus Éagsúlacht

Leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhain le raon éagsúil roghanna cóiríochta a choinneáil chun freastal ar riachtanais agus ar bhuiséid dhifriúla cuairteoirí. Bhain luach ar leith le cóiríocht féinfhrestail agus le Tithe Leaba is Bricfeasta traidisiúnta chomh fada is a bhain le rogha agus eispéiris bharántúla, agus tarraingíodh aird ar roghanna malartacha cosúil le glampáil, turasóireacht veain champála, tréimhsí ag fanacht ar fheirm, cóiríocht búiitic agus saoráidí a bhí oiriúnach do theaghlaigh mar dheiseanna atá ag fás a thugann léargas ar thosaíochtaí athraitheacha cuairteoirí. Tugadh le fios freisin

gur bhain tábhacht le cóiríocht a bhí oiriúnach do theaghlaigh agus cóiríocht le saoráidí cócaireachta.

12.1.7 Tacaíochtaí Airgeadais, Infheistíocht agus Bonneagar

Thagair freagróirí don ghá a bhí le deontais, dreasachtaí cánach, cláir mhaoinithe spriocdhírthe agus tacaíocht d'uasghráduithe cóiríochta, go háirithe i gcinn scríbe thuaithe, chósta agus oileáin. Tarraingíodh aird i roinnt tuairimí ar na dúshláin atá le sárú ag gnóthaí turasóireachta mar gheall ar chánachas, costais saothair, costais tógála, costais oibriúcháin agus luaineacht shéasúrach ar éileamh.

Anuas air sin, thagair freagróirí do dheacrachtaí a bhain le maoiniú a fháil d'fhorbairt chóiríochta, d'athchóiriú agus do thionscadail forbartha. I roinnt aighneachtaí lorgaíodh breis trédhearcachta agus éifeachtúlachta i ndáil le leithdháileadh maoiniú poiblí agus leagadh béim ar an tábhacht a bhain le hinfheistíocht dhíreach a chur ar fáil do thionscadail a threisíonn acmhainn turasóireachta, a thacaíonn le forbairt réigiúnach agus a fheabhsaíonn inbhuanaitheacht na hearnála fadtéarmaí.

12.1.8 Téamaí Eile ar Tharraing Freagróirí Aird Orthu

D'eascair roinnt téamaí breise as na freagraí, lena n-áirítear *'Acmhainn agus Soláthar Cóiríochta'*, *'Bonneagar agus Nascacht'*, *'Inacmhainneacht agus Praghsháil Chóiríochta'*, agus úsáid a bhaint as *'Úsáid Neamhthurasóireachta as Cóiríocht do Thurasóirí'*.

Tharraing freagróirí aird ar ghanntanas cóiríochta i roinnt ceann scríbe agus leag siad béim ar an ngá a bhí le hacmhainn chóiríochta breise do thurasóirí, mar aon le húsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní cóiríochta a bhí ar fáil cheana, lena n-áirítear cóiríocht shéasúrach, cóiríocht do mhic léinn agus foirgnimh fholmha. Tarraingíodh aird go minic freisin ar an tábhacht a bhain le bonneagar iompair agus tacaíochta, agus sna tuairimí tagraíodh d'iompar poiblí, nascacht réigiúnach, bóithre, leathanbhanda agus saoráidí do chuairteoirí mar chumasóirí tábhachtacha chomh fada is a bhain le fás turasóireachta agus scaipeadh cuairteoirí.

Ábhar imní eile ar tharraing na freagróirí aird air ná inacmhainneacht chóiríochta, agus tarraingíodh aird i roinnt tuairimí ar chostais chóiríochta atá ag méadú, imní a bhain le luach ar airgead agus inacmhainneacht na turasóireachta náisiúnta. Mhol freagróirí go mb'fhéidir go bhfeabhsódh raon níos mó roghanna cóiríochta inacmhainneacht agus inrochtaineacht do chuairteoirí.

Ar deireadh, tharraing roinnt freagróirí aird ar imní a bhain le húsáid a bheith á baint as cóiríocht do thurasóirí do chúiseanna neamhthurasóireachta, agus tarraingíodh aird ar an tionchar a braitheadh a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar infhaighteacht chóiríochta, go háirithe i gceantair thuaithe agus chósta, agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar ghnóthaí turasóireachta agus ar gheilleagar áitiúil.

Cuid 13: Aighneachtaí Scríofa

Déantar iarracht léargas a thabhairt san achoimre thíos ar an raon ceisteanna agus tuairimí ar tarraingíodh aird orthu sna trí aighneacht scríofa. Níor cheart glacadh leis go bhfuil léargas á thabhairt iontu ar thuairimí fhreagróirí nó pháirtithe leasmhara uile an chomhairliúcháin. Tá siad grúpáilte i sé théama ghinearálta:

Acmhainn Chóiríochta, Soláthar agus Éileamh Amach Anseo

Tarraingíodh aird sna haighneachtaí ar ábhair imní a bhain le cibé acu an féidir nó nach féidir le soláthar cóiríochta do thurasóirí freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo. I measc na bhfachtóirí a aithníodh mar bhacainní ar acmhainn a fhorbairt tá costais arda tógála agus forbartha, dúshláin a bhaineann le hinmharthanacht tionscadail, próisis phleanála, rochtain ar airgeadas agus srianta bonneagair, i gceantair réigiúnacha go háirithe.

Leag páirtithe leasmhara béim ar an ngá a bhí le tairiscint chóiríochta éagsúil, lena n-áirítear óstáin, tithe aíochta, aonaid féinfhreastail, cóiríocht amuigh faoin aer agus cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach, a bhfuil ról tábhachtach acu ar fad i dtacú le líon cuairteoirí, go háirithe i gcinn scríbe tuaithe, chósta agus shéasúracha.

Tugadh nádúr séasúrach na turasóireachta faoi deara freisin, mar aon leis an ngá a bhí ann a chinntiú go mbíonn cóiríocht ar fáil i rith na bliana chun tacú le fás taobh amuigh de bhuaicthréimhsí. I measc cuid de na príomhcheisteanna ar tarraingíodh aird orthu bhí an bhearna idir éileamh turasóireachta réamh-mheasta agus soláthar cóiríochta amach anseo, comhchruinniú forbairtí nua i líon teoranta suíomhanna, agus deacrachtaí a bhain le tionscadail chóiríochta faofa a chríochnú.

Forbairt Réigiúnach agus Turasóireachta

Leagadh béim in aighneachtaí ar an tábhacht a bhain le cóiríocht do thurasóirí chun scaipeadh cuairteoirí a spreagadh, mar aon le fanacht thar oíche agus fás turasóireachta lasmuigh de mhórionaid uirbeacha. Aithníodh cóiríocht mar phríomhthiománaí na forbartha eacnamaíche réigiúnaí, a théann chun tairbhe gnóthaí áitiúla agus na turasóireachta i gcinn scríbe tuaithe agus atá ag teacht chun cinn.

Tharraing páirtithe leasmhara aird ar éagsúlachtaí réigiúnacha suntasacha in infhaighteacht chóiríochta agus tharraing siad aird ar an tábhacht a bhain le soláthar cóiríochta a ailíniú le spriocanna turasóireachta réigiúnacha agus le héileamh cuairteoirí. Aithníodh gur bhain tábhacht le meascán de chineálacha cóiríochta, lena n-áirítear óstáin, tithe aíochta, aonaid féinfhreastail agus cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach, chun tacú le turasóireacht réigiúnach.

Tagraíodh sna haighneachtaí don ról a bhí ag ardáin dhigiteacha chun tacú le scaipeadh cuairteoirí agus chun cabhrú le soláthraithe cóiríochta níos lú agus le cinn scríbe atá ag teacht chun cinn chun cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhealladh. Leagadh béim ar thacú le forbairt chóiríochta, iompar agus nascacht dhigiteach, turasóireacht i gcaitheamh na bliana agus infheistíocht i gceantair réigiúnacha agus thuaithe.

Infheistíocht, Forbairt agus Pleanáil

Tagraíodh sna haighneachtaí d'amlínte pleanála, próisis rialála, srianta bonneagair agus infhaighteacht saothair mar phríomhbhacainní ar fhorbairt na cóiríochta do thurasóirí, costais tionscadail atá ag méadú, rioscaí agus moilleanna. Tarraingíodh aird ar imní maidir le hinmharthanacht forbairtí cóiríochta nua, i gceantair réigiúnacha go háirithe. San áireamh anseo bhí an caidreamh idir costais forbartha agus torthaí féideartha, dlús fhorbairt nua in ionaid uirbeacha níos mó agus seachadadh teoranta tionscadail i roinnt suíomhanna réigiúnacha ainneoin go raibh éileamh láidir turasóireachta ann.

Leag páirtithe leasmhara aird ar an ngá a bhí le timpeallacht infheistíochta thacúil, lena n-áirítear breis infheistíochta réigiúnaí, athchóiriú agus athfhorbairt chóiríochta atá ar fáil cheana, bonneagar turasóireachta feabhsaithe agus próisis phleanála a éascaíonn cóiríocht nua do thurasóirí a chur ar fáil.

Rialú, Caighdeán agus Iomaíochas

Tarraingíodh aird in aighneachtaí ar an tábhacht a bhain le córais rangaithe chóiríochta, creataí dearbhaithe cáilíochta agus córais chlárúcháin chun caighdeán, muinín tomhaltóirí agus cáil na hÉireann mar cheann scríbe ar ardchaighdeán do thurasóirí a chothabháil. Leag siad béim ar an tábhacht a bhain le hinfeistíocht leantach, nuálaíocht agus feabhsú táirgí, mar aon le córais chlárúcháin shoiléire, cuir chuige rialála chomhsheasmhacha agus rialachán comhréireach i ndáil le cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach.

Ar an iomlán, tarraingíodh aird in aighneachtaí ar an tábhacht a bhain le creat rialála a thacaíonn le muinín tomhaltóirí, cáilíocht chóiríochta agus iomaíochas fadtéarmach earnáil turasóireachta na hÉireann.

Inbhuanaitheacht, Inrochtaineacht agus Sonraí

Tagraíodh in aighneachtaí do bhearta a bhfuil sé mar aidhm leo inbhuanaitheacht laistigh den earnáil cóiríochta a fheabhsú, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, cóiríocht atá ann cheana a iarfheistiú, bearta laghdaithe uisce agus dramhaíola, cleachtais turasóireachta inbhuanaithe agus breis trédhearcachta i ndáil le dintiúir inbhuanaitheachta. Tharraing freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le cleachtais turasóireachta inbhuanaithe chun tacú le fás turasóireachta cothrom i gcaitheamh na bliana.

Aithníodh inrochtaineacht agus pleanáil bunaithe ar shonraí mar phríomhthosaíochtaí. Tarraingíodh aird in aighneachtaí ar an luach a bhain le hinfheictheacht gnéithe inrochtaineachta a fheabhsú, faisnéis shoiléir a chur ar fáil do thaistealaithe mar aon le tacaíocht spriocdhírthe do sholáthraithe cóiríochta. Lena chois sin, tarraingíodh aird in aighneachtaí ar an tábhacht a bhain le sonraí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear tacair sonraí turasóireachta chaighdeánaithe a bhailiú, córais tuairiscithe dhigiteacha agus úsáid a bhaint as sonraí comhiomlána chun tacú le pleanáil fianaisebhunaithe, ceapadh beartais agus forbairt earnála.

Buntáiste Geilleagrach na Cóiríochta do Thurasóirí

Aithníodh cóiríocht mar phríomhchumasóir na turasóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, a thacaíonn le fanacht thar oíche, cuairteoirí a chaitheann níos mó airgid, taisteal gnó agus grúpaí, agus gníomhaíocht turasóireachta i gcaitheamh na bliana. Tarraingíodh aird in aighneachtaí ar an ranníoc eacnamaíoch suntasach trí chaiteachas cuairteoirí, fostaíocht, slabhraí soláthair áitiúla agus infheistíocht, go háirithe i gceantair réigiúnacha agus thuaithe, agus ag an am céanna, tacaíodh le spriocanna beartais níos ginearálta cosúil le fás réigiúnach agus turasóireacht seachbhuaice.

Tagraíodh in aighneachtaí don ról atá ag cóiríocht sa timpeallacht turasóireachta níos ginearálta, chun tacú le nithe is díol spéise, imeachtaí, seirbhísí iompair, gnóthaí áitiúla agus gníomhaíochtaí pobail. Chomh maith leis sin, tharraing siad aird ar an tábhacht a bhaineann le tairiscint chóiríochta éagsúil agus inacmhainne chun rogha tomhaltóirí a fheabhsú, tacú le hiomaíochas earnála agus a chinntiú go mbíonn turasóireacht inrochtana do raon leathan cuairteoirí.

Na Chéad Chéimeanna Eile:

Is mian leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chur am i leataobh chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí seo agus chun a gcuid tuairimí a roinnt. Tá léargas luachmhar le fáil sna freagraí atá curtha ar fáil a chabhróidh linn chun an Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí a fhorbairt.

De réir mar a bheimid ag leanúint ar aghaidh le forbairt na straitéise, tabharfar faoi thuilleadh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin spriocdhírthe le páirtithe leasmhara chun scrúdú níos mine a dhéanamh ar cheisteanna áirithe.